II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/647 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 January 2023**

**ag leasú Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí de tháirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("An Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 160(1) agus (2) agus Airteagail 162(4) agus 164(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú galar ainmhithe ar in-tarchurtha iad go hainmhithe nó go daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a chlárú agus a fhormheas, agus rialacha maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha laistigh den Aontas. Le Rialachán (AE) 2016/429 tugtar de chumhacht don Choimisiún freisin rialacha a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán sin a fhorlíonadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ([2]) ón gCoimisiún leagtar síos rialacha forlíontacha maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha, coimeád taifead agus inrianaitheacht táirgí geirmeacha a fhormheas, agus ceanglais sláinte agus deimhniúcháin ainmhithe maidir le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe ar coimeád laistigh den Aontas.

(3) Tá gá leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo chun na rialacha a leagtar síos i gCuid IV, Teideal I, Caibidil 5, de Rialachán (AE) 2016/429 a fhorlíonadh, a mhéid a bhaineann le hinrianaitheacht agus ceanglais sláinte ainmhithe agus ceanglais maidir le sláinte ainmhithe a dheimhniú do ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas ionas nach leathfar galair in-tarchurtha ainmhithe trí bhíthin na dtáirgí sin laistigh den Aontas.

(4) Tá nasc substainteach idir na rialacha sin agus tá go leor acu ceaptha lena gcur i bhfeidhm in éineacht le chéile. Ar mhaithe le simplíocht agus trédhearcacht, agus chun a gcur i bhfeidhm a éascú agus chun iolrú rialacha a sheachaint, ba cheart iad a leagan síos, dá bhrí sin, in aon ghníomh amháin seachas i roinnt gníomhartha ar leithligh lena mbaineann go leor crostagairtí agus an baol dúblála.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunaíochtaí táirgí geirmeacha a fhormheas agus maidir le ceanglais inrianaitheachta agus sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 1).

(5) Le linn chur chun feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 chuir roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara in iúl gur cheart d'fhoireann nach ndéanann ach úicítí nach bhfuil toirchithe a bhailiú agus a láimhseáil a áireamh freisin sa sainmhíniú ar fhoireann bailithe suthanna, i ndiaidh na bhforbairtí agus na speisialtóireachtaí in earnáil na dtáirgí geirmeacha le déanaí. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú sin agus na ceanglais ghaolmhara a leasú chun foireann den sórt sin a chumhdach.

(6) Féadfaidh bunaíochtaí próiseála táirgí geirmeacha dul i mbun próisis eile seachas gnéasaithint speirme. Ar mhaithe le hinrianaitheacht na dtáirgí próiseáilte, ba cheart na ceanglais inrianaitheachta bhreise a bhí infheidhme roimhe sin do speirm ghnéasaitheanta amháin a shíneadh ar an gcuma chéanna do gach táirge próiseáilte.

(7) Le hAirteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, leagtar síos maolú ar na ceanglais sláinte ainmhithe d'ainmhithe bronntacha den speiceasbuaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí a aistrítear idir lárionaid bailithe seamhain. Cuirtear éiginnteacht dhlíthiúil a mhéid a bhaineann le cé chomh rannpháirteach atá tréidlianna oifigiúla in iúl ó thaithí na mBallstát agus páirtithe leasmhara le cur chun feidhme an Airteagal sin. Dá bhrí sin, ba cheart an tAirteagal sin a shoiléiriú.

(8) Le hAirteagal 36 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe i dtaca le gluaiseachtaí táirgí geirmeacha ó mhadraí agus cait laistigh den Aontas, go príomha chun confadh a mhaolú agus comhlíontacht i dtaca le bearta coisctheach sláinte ainmhithe i gcoinne *Echinococcus multilocularis* a chur chun cinn. Cheistigh Ballstáit agus páirtithe leasmhara ábharthacht agus comhréireacht na gceanglas sin. Mar gheall nach bhfuil ceanglais inchomparáide i gcaighdeáin idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH), ba cheart Airteagal 36 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 agus an fhoclaíocht lena mbaineann i gceanglais maidir le deimhniúchán oifigiúil a scriosadh agus ba cheart an fógra maidir le gluaiseacht táirgí geirmeacha ó mhadraí agus cait idir na Ballstáit a scriosadh.

(9) I gCuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 leagtar síos ceanglais bhreise maidir le sláinte ainmhithe le haghaidh ainmhithe bronntacha den speiceas mucúil. I gcomhréir le Cuid 2, Caibidil I, pointe 1(c)(iv), den Iarscríbhinn sin, táthar le hainmhithe atá ionfhabhtaithe le víreas siondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil a bhaint ón gcóiríocht coraintín. Cheistigh roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara comhréireacht an cheanglais sin i bhfianaise deacrachtaí praiticiúla agus deacrachtaí atá cruthaithe go heolaíoch le modhanna diagnóiseacha atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le féidearthachtaí éagsúla i ndáil le measúnú leantach nuair a bhíonn cineálacha modhanna diagnóiseacha éagsúla in úsáid chun cásanna amhrasta a dheimhniú nó a chur as an áireamh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([3]).

(10) I gCuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 leagtar síos ceanglais bhreise maidir le sláinte ainmhithe, lena n-áirítear tástáil le haghaidh fiabhras na muc d'ainmhithe den speiceas mucúil a choimeádtar ag lárionaid bailithe seamhain. Ní éilíonn caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha WOAH tástáil d'ainmhithe den sórt sin, áfach, i dtíortha nár tuairiscíodh ráigeanna d'fhiabhras na muc iontu agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin iontu le linn an 12 mí roimhe sin. Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur le tástáil le haghaidh an ghalair sin i gcás ainmhithe den speiceas mucúil a choimeádtar i lárionaid bailithe seamhain sna tíortha sin nár thuairiscigh ráigeanna d'fhiabhras na muc, ná nach ndearna vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn an 12 mí roimhe sin.

(11) Ba cheart tagairtí do víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a leasú chun iad a ailíniú le tagairtí don víreas sin i ngníomhartha eile de chuid an Aontais agus chun a shoiléiriú go gcumhdaíonn na rialacha gach séiritíopa den víreas sin. Ina theannta sin, ba cheart ceanglais a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a bheith i gcomhréir níos mó le caighdeáin idirnáisiúnta WOAH chun foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh tréimhse saor ó veicteoir ann mar bheart maolaithe riosca roghnach agus breise a bhaineann leis an ionfhabhtú sin, chun trádáil shábháilte de tháirgí geirmeacha ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas caorach agus den speiceas gabhair a éirithiú.

---

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha d'fhaireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211.)

(12) Leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686, ceanglais bhreise maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le hantaibheathaigh a chur le seamhan, lena n-áirítear nuair a chuirtear iad go héigeantach le seamhan ó ainmhithe den speiceas buaibheach nó den speiceas mucúil. Cé go bhfuil na ceanglais sin i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta WOAH, tá na caighdeáin idirnáisiúnta sin á leasú, i dtreo úsáid antaibheathach atá deonach, níos solúbtha agus stuama. Ina theannta sin, cuireann faisnéis ó litríocht eolaíoch, Ballstáit agus páirtithe leasmhara riachtanais chomhchosúla in iúl. Dá bhrí sin, ba cheart na riachtanais ábhartha a chuíchóiriú agus iad a dhéanamh roghnach.

(13) Tar éis Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tugadh faoi deara roinnt earráidí substaintiúla. Go háirithe, cruthaíodh éiginnteacht dhlíthiúil de bharr na foclaíochta i ndáil le cosc a chur ar theacht isteach daoine neamhúdaraithe i lárionaid bailithe seamhain agus bunaíochtaí ina ndéantar próiseáil ar tháirgí geirmeacha. Thairis sin, de bharr tagairt mhícheart sa téacs is infheidhme maidir le hainmhithe áirithe den speiceas eachaí ar dhul isteach dóibh i lárionad bailithe seamhain le haghaidh ainmhithe den speiceas eachaí, tháinig athrú neamhbheartaithe ar na ceanglais nach mór do thréidlianna an lárionaid a áirithiú. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus soiléire, ba cheart na hearráidí sin a cheartú.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(7), scriostar pointe (a);

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

“(12) ciallaíonn ‘foireann bailithe suthanna’ foras táirgí geirmeacha ina bhfuil grúpa gairmithe nó struchtúr atá formheasta ag an údarás inniúil chun úicítí nó suthanna atá díorthaithe ó tháirgeadh *in vivo* d’ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí atá beartaithe a aistriú chuig Ballstát eile a bhailiú, a phróiseáil, a stóráil agus a iompar, dá dtagraítear in Airteagal 4;”;

(3) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) grúpa gairmithe nó struchtúr faoi mhaoirseacht tréidlia foirne atá inniúil chun úicítí nó suthanna ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil le haghaidh faomhadh mar fhoireann bailithe suthanna;”;

(4) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(ii):

“(ii) Cuid 2, pointe 2, d’Iarscríbhinn I, i leith úicítí nó suthanna ainmhithe de chineál buaibheach, mucúil, caorach, gabhair nó eachaí a bhailiú, a phróiseáil, a stóráil agus a iompar;”;

(5) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás táirge geirmeach a phróiseáiltear i bhforas táirgí geirmeacha seachas an foras bailithe táirgí geirmeacha, forlíonfaidh oibreoir fhoras próiseála na dtáirgí geirmeacha an fhaisnéis dá tagraítear i mír 1 le faisnéis lenar féidir uimhir fhormheasta uathúil fhoras próiseála an táirge gheirmigh sin a shainaithint.”;

(6) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ní aistreoidh oibreoirí ach ainmhithe bronntacha amháin, dá dtagraítear i bhfrása réamhráiteach mhír 1, le toiliú roimh ré ó thréidlia lárionaid an lárionaid bailithe seamhain ag an gceann scríbe.”;

(7) Scriostar Airteagal 36;

(8) Leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Déanfaidh an tréidlia oifigiúil na seiceálacha agus scrúduithe dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3 agus an deimhniú sláinte ainmhithe a eisiúint laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh thráth seolta choinsíneacht na dtáirgí geirmeacha.";

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

"*Airteagal 40*

**Ceanglais maidir le deimhniú sláinte ainmhithe le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí idir na Ballstáit de tháirgí geirmeacha ó ainmhithe talún ar coimeád nach ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí iad**

Beidh ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach i mír 2 d'Iarscríbhinn IV á cur san áireamh sna deimhnithe sláinte ainmhithe le haghaidh gluaiseachtaí idir na Ballstáit de choinsíneachtaí táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún nach ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí iad a choimeádtar i mbunaíochtaí teoranta agus ó ainmhithe den fhine *Camelidae* nó *Cervidae*.";

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 41:

"*Airteagal 41*

**Ceanglas maidir le fógra roimh ré ó oibreoirí ghluaiseachtaí na gcoinsíneachtaí idir na Ballstáit de tháirgí geirmeacha ó ainmhithe talún ar coimeád nach ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí iad**

I gcás ina n-aistreofar coinsíneachtaí de tháirgí geirmeacha ó ainmhithe talún nach ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí iad a choimeádtar i mbunaíochtaí teoranta nó ó ainmhithe den fhine *Camelidae* nó *Cervidae* go Ballstát eile, tabharfaidh an t-oibreoir fógra don údarás inniúil i mBallstát tionscnaimh na gcoinsíneachtaí roimh an ngluaiseacht a bheartaítear de choinsíneachtaí na dtáirgí geirmeacha sin.".

*Airteagal 2*

Leasaítear Iarscríbhinní I go dtí IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

CUID A

Leasaítear Iarscríbhinní I go IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(a)(v):

"(v) marcáil a dhéanamh ar thuí agus ar phacáistí eile ina gcuirtear úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10(1) agus (5);";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

"2. Déanfaidh saoráidí, trealamh agus nósanna imeachta oibríochtúla na foirne bailithe suthanna, dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b)(ii); na pointí seo a leanas (a) agus (b) a chomhlíonadh:

(a) ní mór saotharlann a bheith ar fáil don fhoireann bailithe suthanna inar féidir úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* a scrúdú, a phróiseáil agus a phacáistiú le trealamh leordhóthanach, agus ní mór don tsaotharlann ceachtar den dá rogha seo a leanas a chomhlíonadh:

(i) saotharlann a bhfuil suíomh buan aici, agus nach mór di na nithe seo a leanas a bheith aici:

— seomra inar féidir úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* a phróiseáil atá scoite amach go fisiceach ón áit ina láimhseáiltear ainmhithe bronntacha le linn an bhailithe,

— seomra nó áit le haghaidh ghlanadh agus steiriliú na n-ionstraimí a bhíonn in úsáid chun úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* a bhailiú agus a phróiseáil, seachas nuair nach mbíonn ach trealamh nua aon úsáide in úsáid,

— seomra chun úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* a stóráil;

nó

(ii) saotharlann shoghluaiste, ar gá go mbeadh:

— cuid den fheithicil feistithe go speisialta agus dhá chuid ar leithligh inti: cuid amháin inti chun úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* a scrúdú agus a phróiseáil, agus an chuid sin glan; agus cuid eile chun le haghaidh trealamh agus ábhar a bhíonn i dteagmháil leis na hainmhithe bronntacha,

— trealamh aon úsáide nua amháin a bheith in úsáid, ach má dhéantar a trealamh a steiriliú agus is ag saotharlann a bhfuil suíomh buan aici a dhéantar soláthar sreabhán agus táirgí eile a bhfuil gá leo le haghaidh bailiú agus próiseáil úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo*.

Ní mór do na saotharlanna a tagraíodh dóibh i bpointí (i) agus (ii) dearadh agus leagan amach a bheith acu ionas go gcuirfear cosc ar thraséilliú úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo*, agus déanfar oibríochtaí foirne ar bhealach a chuirfidh cosc ar an traséilliú sin;

(b) ní mór d'fhoireann bailithe suthanna áitribh stórála a bheith ar fáil di a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá ar a laghad seomra inghlasáilte amháin iontu chun úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* a stóráil;

(ii) ní mór dóibh a bheith éasca a ghlanadh agus a dhífhabhtú;

(iii) ní mór dóibh taifid bhuana a choimeád de gach úicít agus suth arna díorthú *in vivo* a thagann isteach agus a théann amach;

(iv) ní mór dóibh coimeádáin stórála le haghaidh úicítí nó suthanna arna ndíorthú *in vivo* a bheith acu.";

(b) i gCuid 5, scriostar pointe 2(d);

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i gCuid (2), Caibidil I, scriostar pointe 1(c)(iii);

(b) i gCuid 2, Caibidil I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(c)(iv):

"(iv) maidir le hionfhabhtú le víreas siondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil, tástáil shéireolaíoch (IPMA, IFA, nó ELISA) nó tástáil ar ghéanóm víris (imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise (ISP- CT), ISP-CT neadaithe, ISP-CT fíor-ama).

Má fhaigheann aon ainmhí tástáil dhearfach shéireolaíoch i leith ionfhabhtú le víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil, aicmeoidh an t-údarás inniúil gach ainmhí sa chóiríocht choraintín ina chás deimhnithe amhrasta i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689. Leithliseoidh an t-oibreoir na hainmhithe dearfacha láithreach ó ainmhithe eile laistigh den chóiríocht choraintín. Déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdú chun ionfhabhtú le víreas siondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil a dheimhniú nó a chur as an áireamh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

Má fhaigheann aon ainmhí tástáil dhearfach sna tástálacha géanóm víris i leith víreas an tsiondróim atáirgthe agus riospráide mhucúil, aicmeoidh an t-údarás inniúil gach ainmhí sa chóiríocht choraintín ina chás deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 9(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689. Bainfidh an t-oibreoir na hainmhithe sin ón gcóiríocht choraintín láithreach agus leanfar treoracha an údaráis inniúil.";

(c) i gCuid 2, Caibidil I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(a)(iii):

"(iii) maidir le fiabhras na muc, tástáil antasubstaintí ELISA nó tástáil neodraithe séirim, i gcás ainmhithe i mBallstát nó i limistéar de inar tuairiscíodh fiabhras na muc nó inar tugadh vacsaíní in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin;";

(d) i gCuid 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil III:

"*Caibidil III*

***Ceanglais le haghaidh ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas caorach agus den speiceas gabhair a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh***

1. Ní mór do na hainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas caorach agus den speiceas gabhair ar ainmhithe bronnta seamhain iad coinníoll amháin ar a laghad díobh seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh an seamhan nó le linn é a bheith á bhailiú i mBallstát nó i limistéar de nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh ann sna 2 bhliain ar a laghad roimhe sin i bhfoisceacht 150 km den bhunaíocht;

(b) coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh an seamhan nó le linn é a bheith á bhailiú i mBallstát nó i limistéar de a bhfuil saoire shéasúrach aige ón ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;

(c) coimeádadh iad i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh an seamhan nó le linn é a bheith á bhailiú;

(d) cuireadh tástáil shéireolaíoch orthu chun antashubstaintí i leith ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a bhrath, a raibh torthaí diúltacha uirthi, gach 60 lá ar a laghad le linn na tréimhse bailiúcháin agus idir 28 agus 60 lá ó dháta bailithe deiridh an tseamhain;

(e) cuireadh tástáil sainaitheantais oibreáin i leith ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a raibh torthaí diúltacha uirthi, ar shamplaí fola a tógadh nuair a thosaigh bailiú an tseamhain agus ag bailiú deiridh an tseamhain agus le linn bailiú an tseamhain ar na heatraimh seo a leanas:

(i) gach 7 lá ar a laghad, i gcás tástáil scoite víreas; nó

(ii) gach 28 lá ar a laghad, i gcás PCR.

2. Maidir leis na hainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas caorach agus den speiceas gabhair ar ainmhithe bronntacha úicítí iad le haghaidh tháirgeadh *in vitro* suthanna agus ainmhithe bronntacha suthanna arna ndíorthú *in vivo*, ní mór dóibh ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

   (a) coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó na suthanna nó le linn iad a bheith á mbailiú i mBallstát nó i limistéar de nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh ann sna 2 bhliain ar a laghad roimhe sin i bhfoisceacht 150 km den bhunaíocht;

   (b) coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó na suthanna nó le linn iad a bheith á mbailiú i mBallstát nó i limistéar de a bhfuil saoire shéasúrach aige ón ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;

   (c) coimeádadh iad i mbunaíocht atá cosanta ar veicteoirí ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó na suthanna nó le linn iad a bheith á mbailiú;

   (d) cuireadh tástáil shéireolaíoch orthu chun antashubstaintí i leith ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh a bhrath, a raibh torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola a tógadh idir 28 agus 60 lá ó dháta bailithe na n-úicítí nó na suthanna;

   (e) cuireadh tástáil sainaitheantais oibreáin i leith ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh, a raibh torthaí diúltacha uirthi, ar shampla fola a tógadh ar dháta bailithe na n-úicítí nó na suthanna.

3. Ní mór an seamhan a úsáidtear chun na húicítí a thoirchiú a bhailiú ó ainmhithe a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1.";

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

   (a) i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

      "3. Más gá, féadfar antaibheathaigh nó meascáin d'antaibheathaigh a chur le seamhan nó a chur i gcaolaitheoirí seamhain.";

   (b) i gCuid 1, scriostar pointí 4 agus 5;

(4) in Iarscríbhinn IV, i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

   "Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, i ndeimhniú sláinte ainmhithe do na táirgí geirmeacha ó ainmhithe talún nach ainmhithe den speiceas buaibheach, den speiceas mucúil, den speiceas caorach, den speiceas gabhair nó den speiceas eachaí iad a choimeádtar i mbunaíochtaí teoranta agus ó ainmhithe den fhine *Camelidae* nó *Cervidae* a aistrítear idir na Ballstáit, dá dtagraítear in Airteagal 40:".

CUID B

Ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 mar a leanas:

(1) i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(a)(iii):

   "(iii) cuirtear cosc ar dhaoine neamhúdaraithe teacht isteach ar bhealach éifeachtach;";

(2) i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(e):

   "(e) áiritheoidh tréidlia an lárionaid i lárionad bailithe seamhain le haghaidh ainmhithe den speiceas eachaí, lonnaithe laistigh d'imlínte bunaíochta cláraithe ina bhfuil lárionad inseamhnaithe saorga nó lárionad seirbhíse, go gcomhlíonann na hainmhithe den speiceas eachaí a thagann isteach sa bhunaíocht ceanglais Airteagail 23(1), pointe (a), agus d'fhéadfadh an tréidlia a chinneadh, i gcás ina mbíonn teagmháil dhíreach ann idir ainmhithe fireanna bronntacha den speiceas eachaí le hainmhithe baineanna den speiceas eachaí nó le hainmhithe coillte fireanna den speiceas eachaí don ghriogadh nó le hainmhithe neamhchoillte fireanna den speiceas eachaí a bhíonn in úsáid sa bhunaíocht lasmuigh den lárionad bailithe seamhain mar nach féidir cúpláil nádúrtha a eisiamh, ní mór do na hainmhithe fireanna agus baineanna sin den speiceas eachaí na ceanglais uile d'Airteagal 23(1) a chomhlíonadh.";

(3) i gCuid 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(a)(ii):

   "(ii) cuirtear cosc ar dhaoine neamhúdaraithe teacht isteach ar bhealach éifeachtach;".